


Scaidhp



Is bealach é Scaidhp chun an domhan lasmuigh de bhallaí an tseomra ranga a chur i láthair na scoláirí sa seomra ranga. Cruthaíonn sé pobal domhanda foghlaimeoirí.

Is féidir le múinteoir nó le scoláire é a threorú. Is féidir leis a bheith treoraithe ag múinteoir nó ag scoláire. Spreagann sé comhoibriú, agus cumarsáid agus is uirlis úsáideach taighde é.

- Cláraigh cuntas saor in aisce le Scaidhp. Beidh ríomhphost de dhíth ort chun é seo a dhéanamh. Úsáid ríomhphost agus scaidhp-ainm na scoile seachas do chuntas agus d'ainm pearsanta fén.
- Chun cumarsáid a dhéanamh ar Scaidhp, roinn do scaidhp-ainm le do chomhoibritheoir.
- Aontaigh am don Scaidhp-ghlao.
- Déan cinnte go mbionn callairí, ceamara gréasáin agus nasc idirlín uile ag oibriú roimh ré. (Is féidir le scoláire cabhrú leat.)
- Roimh an scaidhp-ghlao, is féidir gur gá réamhtheagasc a dhéanamh ar thopac.
- Déan tobsmaointeoireacht ar cheisteanna is féidir leis na scoláirí a chur agus iad ar scaidhp. Ullmhaigh roinnt ceisteanna agus dálí amach iad ar an ngrúpa ranga.
- Spreag éisteacht ghníomhach trí iarraidh ar na scoláirí nótaí a bhreacadh le linn/ i ndiaidh an Scaidhp-ghlao. Is féidir an straitéis 3-2-1 a úsáid chun fócas a thabhairt do na nótaí.
- I ndiaidh an Scaidhp-sheisiúin, meabhraíonn na scoláirí ar a bhfuil foghlamtha acu ag baint úsáid as na nótaí 3-2-1 mar bhunús don idirphlé.

Leideanna

- I measc samplaí den Scaidhp sa seomra ranga áirítear iad seo a leanas:
Foghlaim teanga iasachta: Is féidir scaidhp a úsáid chun seisíún ghairide cumarsáide le cainteoirí dúchais a eagrú, rud atá riachtanach do scoláirí chun scileanna éisteachta agus cumarsáid ó bhéal a fheabhsú.
Agallamh a dhéanamh: Má dhéantar teagmháil le húdar nó le ceiliúrán, is féidir teoiric an tseomra ranga a bheochan agus é a dhéanamh fior do scoláirí.
Aoi speisialta: Is féidir le haoimhúinteoirí, tuismitheoirí nó saineolaithe ar ábhar míniú a thabhairt go díreach ón timpeallacht oibre s'acu.
- Is féidir le múinteoirí scoileanna agus ranganna eile a chuardach a bhfuil suim acu nascadh trí Scaidhp, úsáidtear an téarma cuardaigh Mystery Skype.
- Is féidir Scaidhp a úsáid idir dhá rang teanga/dhá scoil, ceann amháin ag cur na gceisteanna agus an ceann eile ag freagairt - is féidir a mhalaírt a dhéanamh i seisíún níos faide ar aghaidh.



Tuilleadh Eolais

Tá tuilleadh eolais agus tacaíochta chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm ar fáil ag www.jct.ie



Príomhscileanna

- Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- Cumarsáid
- A bheith liteartha
- A bheith cruthaitheach
- Ag obair le daoine eile

Acmhainní

- Seomra TF/gléas ar bith le hinrochtaineacht gréasáin
- Sonratheilgeoir
- Callairí / Ceamara gréasáin
- Micreatfón seachtrach (roghnach)
- Cuntas Scaidhpeála

Leagan amach an tseomra

Ní gá leagan amach ar leith a bheith ann ach amháin le taispeántas a phleanáil.

Measúnú

Is féidir leis an scoláire féinmhachnamh a dhéanamh trí 3-2-1. I ndiaidh an Scaidhp-sheisiúin treoraíodh an múinteoir plé ar a bhfuil foghlamtha ag na scoláirí. Tig leis an múinteoir rannpháirtíocht agus ionchur scoláirí a bhreathnú le linn na gníomhaíochta seo.

Tacú le hobair bhaile

Chun ullmhú don scaidhp-sheisiún déanadh scoláirí taighde agus forbairt ar cheisteanna.